

An Obair

1.0 Comhthéacs agus Saintréithe an tSráidbhaile

Tá an Obair suite i dtuaisceart Chontae na Mí taobh le bealach Réigiúnach R162, 18 km ón Uaimh ar an taobh theas agus 9.5 km ó Dhún an Rí ar an taobh thuaidh.

Tá fianaise de lonnaíochtaí ón gCré-umhaois ar an taobh thiar den sráidbhaile ag Loch Moynagh agus is sna meánaoiseanna a tógadh sráidbhaile na hOibre féin mar a léiríonn na bhloghanna ardchroise agus leaca croise i suíomh Shéipéal agus Reilig Eoin Baiste (Eaglais na hÉireann). Lean sé de bheith ina háit thábhachtach sa 14^ú agus sa 15^ú haois déag mar a léiríonn an Móta agus Bábhún suntasach ar an taobh thuaidh den sráidbhaile. Le linn an 18^ú haois tógadh foirgnimh áille Sheirseacha lena n-áirítear tithe baile mhóir dea-dheartha, Teach Cóiste, Teach Scoile, Stáisiún Póilíní, Oifig an Phoist agus Séipéal Eaglais na hÉireann. Le linn na tréimhse Vichteoiriaí, cuireadh leis na foirgnimh a bhí ann nuair a tógadh Séipéal Caitliceach agus halla pobail chomh maith le stáisiún, ardán agus trádstóras iarnróid. Tá an sráidbhaile suite i dtírdhreach droimníní ar an taobh thiar agus tá goirt dhroimneacha ar an taobh thoir de i dtreo Dhiméin an Bhriotáis. Tá forbairt teoranta san iarthar ag an líne iarnróid. Mar thoradh air sin, cruthaíonn an cnuasach foirgneamh sa suíomh tírdhreacha timpeallacht álainn agus croílár soiléir an tsráidbhaile ina bhfuil ómós láidir áite agus sainiúlachta le sonrú.

Áit sa Chéimíúlacht lonnaíochta	Sráidbhaile – Ionad áitiúil do sheirbhís agus fiontraíocht áitiúil a fhorbairt		
Daonra	2011	2016	% Athrú
	357	344	Laghdú daonra 3.6%
Leithdháileadh Teaghlaigh na Croístraitéise	20 aonad		
Aonaid a ghealltar nár tógadh fós	0		
Uimh. an tSoláthair Tithíochta	152		
Áiseanna Oideachais	Scoil Náisiúnta na hOibre agus Meánscoil Choláiste Uí Chearbhalláin		
Saoráidí Pobail	Séipéal Caitliceach Eoin Baiste, Ionad Oidhreachta Eoin Baiste (Eaglais na hÉireann), Stáisiún na nGardaí, Oifig an Phoist, Halla an Phobail. Stáisiún Dóiteáin, Leabharlann Faiche CLG, Ionad Sláinte.		
Limistéar Caomhantais Ailtireachta	Ceann ar bith		
Déanmhais Chosanta	Tá 18 ndéanmhais chosanta suite laistigh de theorainn an tsráidbhaile:		
	RPS MH005-300	Áith aoil, An Magh c.1800	
	RPS MH005-301	Feirm an Droichid, An Magh c.1820	
	RPS MH005-302	Droichead na hOibre c.1830	
	RPS MH005-303	Stáisiún iarnróid agus an tArdán c.1872	
	RPS MH005-304	Caidéal Uisce c.1870	
	RPS MH005-305	Teach uisce an Iarnróid c.1872	
	RPS MH005-306	Seanséipéal Eoin Baiste (Eaglais na hÉireann) c.1750	
	RPS MH005-307	Cros sa Reilig	
	RPS MH005-308	Droichead an Iarnróid c.1875	

	<p>RPS MH005-309 Teach, an Obair c.1830</p> <p>RPS MH005-310 Tuama an tSéipéil</p> <p>RPS MH005-311 Teach an Pharóiste c.1869</p> <p>RPS MH006-100 Ceard Scoil c.1935</p> <p>RPS MH006-303 Halla, an Obair c.1915</p> <p>RPS MH006-304 Deochlann Áitiúil / Teach Tábhairne na Níthe c.1830</p> <p>RPS MH006-305 An Obair, Teach c.1790</p> <p>RPS MH006-306 Scoil Náisiúnta, an Obair c.1927</p> <p>RPS MH006-307 Stáisiún na nGardaí c.1820</p> <p>Tá 2 dhéanamhas chosanta suite díreach taobh amuigh de theorainn an tsráidbhaile:</p> <p>RPS MH005-106 Caidéal Uisce, An Magh c.1870</p> <p>RPS MH005-101 Droichead na Mná, an Magh c.1820</p> <p>Tá 2 láithreán seandálaíochta, gnéithe agus déantáin taobh istigh de theorainn an tsráidbhaile atá liostaithe mar Shéadchomharthaí Taifeadta:</p> <p>ME005-070 Caislén - Móta agus Bábhún</p> <p>ME005-070 Clachan</p> <p>Tá 17 láithreán seandálaíochta, gnéithe agus déantáin ar thalamh Shéipéal agus Reilig Eoin Baiste (Eaglais na hÉireann):</p> <p>ME005-071017 Ceann cloiche</p> <p>ME005-071001- Séipéal</p> <p>ME005-071020- Leac uaighe</p> <p>ME005-071006 Reilig</p> <p>ME005-071016 Blogh Seandálaíochta</p> <p>ME005-071007- Cros - Ardchros</p> <p>ME005-071003 Cros</p> <p>ME005-071014- Cros</p> <p>ME005-071015- Cros</p> <p>ME005-071009- Leac croise</p> <p>ME005-071010- Cros</p> <p>ME005-071013- Cros</p> <p>ME005-071011- Cros</p> <p>ME005-071012- Cros</p> <p>ME005-071019- Tuama - samhail</p> <p>ME005-071021- Cros - Cros Reilige</p> <p>ME005-071018- Tuama – samhail</p>
Toilleadh Bonneagair	Ionad Cóireála Fuíolluisce na hOibre - Toilleadh Teoranta. Ionad Cóireála Uisce na hOibre - Soláthar Teoranta.
Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte	Tá sé ann. Tá Crios Tuilte A agus /B ag briseadh isteach ar Lár na Lonnáíochta.
Láithreáin Natura 2000	Níl aon láithreáin Natura 2000 taobh istigh de theorainn forbartha an tsráidbhaile.
Crios Acmhainneachta Seandálaíochta	Tá sé ann, suite cóngarach do lár an tsráidbhaile.

2.0 Fís

Lár tráchtála agus cónaithe an tsráidbhaile a shainiú, a chomhdhlúthú agus a neartú agus chun forbairt a spreagadh a fheabhsóidh carachtar stairiúil agus struchtúr uirbeach croílár an tsráidbhaile agus a dhéanfaidh timpeallacht thógtha agus nádúrtha an tsráidbhaile a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú i dteannta le bheith ag freastal ar riachtanais mhuintir uile na háite agus le bheith ag cinntiú go bhfásann an sráidbhaile ar bhealach inbhuanaithe mar áit mhealltach le haghaidh maireachtála, oibre, fóillíochta agus cuairte. Ní spreagfar ach fás cónaitheach nádúrtha/orgánach thar shaolré an Phlean Forbartha i gcomhréir le Croístraitéis an Phlean Forbartha.

3.0 Deiseanna

- Baineann an Obair tairbhe as forbairt inlíonta agus forbairt talún cúil atá íogair agus de mheán dlús. D'fhéadfaí tuilleadh comhdhlúthaithe agus feabhsaithe a dhéanamh do croílár an tsráidbhaile le láithreáin inlíonta, feabhsúcháin sa ríocht phoiblí agus nascacht níos fearr ó cheantair chónaithe nua chuig croílár an tsráidbhaile. Dhéanfaidh sé sin an t-éileamh ar sheirbhísí a fheabhsú sa sráidbhaile, rud a chruthódh lonnaíocht níos inbhuanaithe.
- Tá deis ann freisin, acmhainneacht shuntasach turasóireachta an tsráidbhaile a fheabhsú i gcomhthéacs na láithreán stairiúil sa sráidbhaile féin agus a shuíomh taobh le seanlíne Iarnróid na hUaimhe-Dhún an Rí, áit atá beartaithe a bheith ina Ghlasbhealach.

4.0 Straitéis Úsáid Talún

Chun cabhrú leis an bhfís le haghaidh na hOibre a bhaint amach, moltar straitéis le haghaidh an tsráidbhaile a bhainfidh leas as na deiseanna atá ann. Tá roinnt gnéithe lárnacha ag gabháil leis an Straitéis; Geatabhealaí isteach don sráidbhaile a threisiú trí fheabhsúcháin sa ríocht phoiblí agus comharthaí feabhsaithe; an ríocht phoiblí i gcroílár an tsráidbhaile a fheabhsú, cuíchóiriú a dhéanamh ar limistéir choisithe agus pháirceála agus spás dea-dheartha taobh leis an bpríomhshráid a chruthú inar féidir le cónaitheoirí agus cuairteoirí am a chaitheamh. An croílár stairiúil a chomhdhlúthú, na ceantair chónaithe nua a chomhcheangail leis na forbairtí cónaithe atá ann faoi láthair agus le lár an tsráidbhaile chomh maith, agus an croílár tráchtála a chomhdhlúthú timpeall na príomhshráide trí láithreáin neamhshealbhaite a athúsáid le haghaidh úsáidí tráchtála agus chun acmhainneacht turasóireachta an tsráidbhaile a chur chun cinn, lena n-áirítear a acmhainní comhshaoil, a oidhreacht ailtireachta agus a shuíomh taobh leis an nGlasbhealach atá beartaithe, agus chun oidhreacht an tsráidbhaile a chosaint trí shuíomh an Mhóta agus an Bhábhúin ag an mbealach isteach chuig an sráidbhaile ó Bhóthar Dhún an Rí a chosaint, agus chun úsáid reatha fóillíochta na talún a léiriú sa chriosú atá beartaithe le haghaidh úsáid talún.

4.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

Tá sé de thairbhe ag an sráidbhaile go bhfuil éagsúlacht teaghaisí ann lena n-áirítear seantithe sraithe agus seantithe leathscoite atá chomhtháite le lár an tsráidbhaile. Tá dhá fhorbairt tithíochta a bhfuil rochtain orthu ón bPríomhshráid. Is iad Páirc an Droichid ar an taobh thiar den tsráid agus Páirc Uí Chearbhalláin ar an taobh thoir in aice leis an SéipéalCaitliceach. Ina theannta sin, tá rochtain ar Chluain Beag ó Bhóthar na Creige, ina bhfuil rochtain choisithe ar croílár an tsráidbhaile. Agus é suite as Bóthar Dhún an Rí, tá Corrán an Mhaí sa suíomh is faide ó lár an bhaile ach tá sé

nasctha leis le cosán. Níl mórán forbartha déanta sa sráidbhaile le leathscór bliain anuas ach amháin nuair a tógadh teaghaisí aonair taobh istigh den teorainn forbartha atá ann faoi láthair.

Tá sé beartaithe ceantar cónaithe nua a fhobairt le linn shaolré an Phlean reatha; ar an taobh thoir theas den sráidbhaile ar chúl an tSéipéil Chaitlicigh agus na Scoile Náisiúnta. Cé go mbaineann dúshlán leis na láithreáin sin mar gheall ar a suíomh ardaithe agus a gcóngarach do láithreáin stairiúla, ba chóir tabhairt faoi chur chuige dearaidh shaincheaptha chun a chinntiú go gcuirfidh an fhorbairt le feabhsú thaitneamhacht radhairc an tsráidbhaile.

4.2 Geilleagar agus Fostaíocht

Tá an Obair sonraithe mar ionad miondíola leibhéal 4 i gCéimíúlacht Mhiondíola an Chontae. Tá réimse seirbhísí miondíola ann lena n-áirítear siopa áise, siopa búistéara, cógaslann, gruagaire, siopa geallghlacadóra, bialann, caifé, comhlacht díoltóireachta carranna (athlonnaithe?), sciamhlann, comhlacht ceantála, ionad cúraim tréidlia, iosta soláthair talmhaíochta agus dhá theach tábhairne.

Tá roinnt réadmhaoin neamhshealbaithe agus tá deiseanna ann maidir le feidhm mhiondíola a chomhdhlúthú ar an bPríomhshráid trí athúsáid agus athchóiriú na struchtúr atá ann faoi láthair. Leis an straitéis seo, coinneofar úsáidí lárionaid baile ar phríomhshráid an tsráidbhaile chun forbairt nua tráchtála nó ilchineálach a éascú. Aimsíodh láithreán ar Bhóthar na hUaimhe le haghaidh úsáidí fostaíochta agus caithfidh aon fhorbairt nua a bheith deartha ar bhealach a dtugann aird ar shrianta an láithreáin agus ar charachtar oidhreachta an tsráidbhaile.

4.3 Bonneagar

Tá Ionad Cóireála Fuíolluisce na hOibre suite ar an taobh thiar theas den sráidbhaile. Tá toilleadh teoranta fuíolluisce faoi láthair san ionad cóireála fuíolluisce. Faigheann an Obair soláthar uisce ó ionad cóireála uisce na hOibre agus tá an toilleadh teoranta.

4.4 Gluaiseacht

Bíonn trácht, go háirithe feithiclí earra troma, ag gluaiseacht tríd an sráidbhaile mar gheall ar an mbealach réigiúnach tríd an Obair. Tá an sráidbhaile go mór faoi thionchar na gcarranna agus na bhfeithiclí earra troma mar gheall ar leithead an bhóthair agus an easpa moillithe tráchta agus ní thimpeallacht mhaith í le haghaidh coisithe agus rothaithe. Moltar sa straitéis seo go gcuirfear feabhsúcháin timpeallachta i bhfeidhm chun gluaiseacht coisithe agus rothaithe i gcroílár an tsráidbhaile a fheabhsú agus go ndéanfar cuíchóiriú ar limistéir pháirceála in aice le háitribh tráchtála i dteannta le soilsiú poiblí stuama a shuiteáil taobh istigh den sráidbhaile agus taobh leis na bóithre isteach ann atá ina naisc idir saoráidí pobail agus lár an tsráidbhaile.

Tá naisc mhaithe freisin chuig na tailte cúil idir an Phríomhshráid agus an t-iarnród. Is gné rathúil den Obair iad na bóithríní sin agus ba chóir iad a fheabhsú chun cur le caighdeán na timpeallachta agus chun coisithe agus rothaithe a spreagadh lena n-úsáid. Ba chóir go mbeadh an tíopeolaíocht seo mar bhonn eolais le haghaidh forbairt a d'fhéadfaí tarlú amach anseo ar na tailte cúil ar an taobh thiar de lár an tsráidbhaile.

Leis an bPlean seo, tacófar le forbairt an Ghlasbhealaigh taobh leis an tseanlíne iarnróid mar thaitneamhacht le haghaidh an phobail ar féidir é a chomhcheangal le gréasán níos leithne atá ann faoi láthair. Moltar go mbeidh an Glasbhealach idirnasctha leis na háiseanna sa sráidbhaile chun gur féidir leis an sráidbhaile leas a bhaint as an méadú ar ghníomhaíocht turasóireachta mar a tharla i gcás fhorbairt an bhonneagair glasbhealaigh in áiteanna eile.

Chun iompar níos inbhuanaithe a spreagadh, moltar sa Phlean seo go gcuirfear seirbhís feabhsaithe bus ar fáil chomh maith le háiseanna feabhsaithe le haghaidh comaitéirí, lena n-áirítear stad bus tiomnaithe agus togra le haghaidh scáthán cuí.

4.5 Oidhreacht Chultúrtha agus Nádúrtha

Baineann an Obair tairbhe as oidhreacht shaibhir chultúrtha agus d'fhéadfaí feabhsúcháin a dhéanamh sa ríocht phoiblí agus athúsáid, athchóiriú agus inlínadh a dhéanamh ar an gcreatlach tógtha atá ann faoi láthair, lena n-áirítear tithe baile mhóir sa stíl dhúchasach, chun cur leis an oidhreacht chultúrtha agus an acmhainneacht turasóireachta a uasmhéadú. Tacaíonn an straitéis seo le sainiúlacht a chruthú le haghaidh na hOibre a léiríodh oidhreacht shaibhir chultúrtha agus stair mheánaoiseach an bhaile agus a bheidh comhcheangailte le bealach turasóireachta a d'fhéadfadh an Obair a nascadh le bailte agus sráidbhailte eile sa cheantar.

4.6 Bonneagar Glas

Tá tírdhreach droimníní ar an taobh thoir den Obair agus tírdhreach droimneach ar an taobh thiar de i dtreo Dhiméin an Bhriotáis. Cé go bhfuil acmhainní comhshaoil sa sráidbhaile agus sa cheantar máguaird, níl aon cheann acu ainmnithe ag leibhéal Náisiúnta nó Idirnáisiúnta. Níl aon láithreán Natura 2000 sa sráidbhaile agus níl aon cheann in aice láimhe ach an oiread. Mar sin féin, tá Abhainn na Níthe, atá i gCeantar Idirnáisiúnta Abhantraí Loch nEathach agus na Banna agus a shileann isteach i mBá Dhún Dealgan, ag gabháil tríd an sráidbhaile. Is í Abhainn na Níthe an ghné is suntasaí sa sráidbhaile ó thaobh an chomhshaoil nádúrtha de. Ina theannta sin, tá éagsúlacht gnáthóg nádúrtha agus leathnádúrtha i gceantar máguaird na hOibre lena n-áirítear gnáthóga fála sreach, féaraigh, abhann agus coillearnaigh. Ina theannta sin, tá crainn shuntasacha, grúpaí crann agus fála sreach / ballaí chloiche ar chóir iad a chaomhnú agus a chomhcheangal, más féidir, le haon tograí forbartha. Tá radhairc ar fiú iad a chosaint ar an tírdhreach ar an taobh thiar den sráidbhaile, chomh maith le radhairc i dtreo an Mhóta agus an Bhábhúin agus is cóir an suíomh sin a chosaint.

4.7 Bonneagar Sóisialta

Tá seirbhís mhaith san Obair maidir le réimse saoráidí pobail seanbhunaithe lena n-áirítear Scoil Náisiúnta, Meánscoil - Coláiste Uí Chearballáin, agus scoil Montessori. Tá CPG na hOibre suite in aice leis an meánscoil agus tá stáisiún dóiteáin, oifig an phoist, halla an pharóiste agus Stáisiún na nGardaí go léir suite i gcroílár an tsráidbhaile. Tá an leabharlann agus an tIonad Sláinte suite i dtuaisceart an tsráidbhaile as Bóthar Dhún an Rí. Tá Séipéal Eoin Baiste (Eaglais na hÉireann) ina háis chultúrtha agus phobail i gcroílár an tsráidbhaile. Tá spás oscailte ar fáil i bhfoirm fhaiche CLG agus páirc chuimhneacháin in aice leis an Stáisiún Dóiteáin. Bhainfeadh an sráidbhaile leas as áiseanna breise le haghaidh na hóige agus spás pobail oscailte inúsáidte. Coinníodh úsáidí talún Pobail, Sóisialta agus Fóillíochta sa straitéis úsáide talún chun áiseanna breise féideartha a éascú in aice leis an Séipéal Caitliceach agus Coláiste Uí Chearballáin lena n-áirítear an sean-mheánscoil atá ina dhéanmhas cosanta.

4.8 Dearadh Uirbeach agus an Ríocht Phoiblí

Leis an straitéis seo cuirtear chun cinn feabhsú na ngeatabhealaí isteach chuig an sráidbhaile i bhfoirm feabhsúcháin ar an ríocht phoiblí a chuimsíonn comharthaí/brandáil don sráidbhaile.

Tá croílár an tsráidbhaile sainithe ag an spás líneach i lár an tsráidbhaile. Tá feabhsúcháin ar an ríocht phoiblí beartaithe chun caighdeán timpeallachta an spáis seo a fheabhsú, le soláthar cosán breise agus feabhsaithe do choisithe, soilse poiblí agus tírdhreachadh a chuimsiú, agus bealaí rothaíochta a chur san áireamh de réir mar is cuí. Ina theannta sin, déanfar limistéir choisithe agus pháirceála a chuíchóiriú agus spás dea-dheartha d'ardchaighdeán a chruthú taobh le spás líneach na príomhshráide ionas go mbeadh sé ina spás deas le haghaidh choisithe a mheallfaidh cónaitheoirí agus cuairteoirí chun am a chaitheamh ann.

Sa straitéis seo moltar nasc a chruthú idir na pobail agus na taitneamhachtaí atá ann faoi láthair mar chuid d'fhorbairtí rathúla ar thalamh cúil a chomhcheangal agus moltar forbairt a spreagadh ar láithreáin nua ar thalamh cúil a chuireann nasc ráthúla den chineál céanna ar fáil.

Moltar freisin an tseanlíne Iarnróid a fhorbairt mar Ghlasbhealach a d'fhéadfadh a bheith ina nasc idir na háiseanna éagsúla i lár an tsráidbhaile. Moltar tabhairt faoi chur chuige comhordaithe chun nasc choisithe atá maoirsithe go éighníomhach a chruthú idir an taobh thuaidh agus an taobh theas den sráidbhaile.

5.0 Beartais agus Cuspóirí Forbartha don Sráidbhaile

Tá na Beartais agus na Cuspóirí a leagtar amach thíos de bhreis ar na cinn siúd a shonraítear sa Ráiteas i Scríbhinn in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrá a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaíocht. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

Beartas

Tá sé mar bheartas leis an gComhairle:

Lonnaíocht agus Tithíocht

BEA NA hOIBRE 1	Lár tráchtála agus cónaithe an tsráidbhaile a shainiú, a chomhdhlúthú agus a neartú agus chun forbairt a spreagadh a fheabhsóidh carachtar stairiúil agus struchtúr uirbeach croílár an tsráidbhaile agus a dhéanfaidh timpeallacht thógtha agus nádúrtha an tsráidbhaile a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú i dteannta le bheith ag freastal ar riachtanais mhuintir uile na háite agus le bheith ag cinntiú go bhfásann an sráidbhaile ar bhealach inbhuanaithe mar áit mhealltach le haghaidh maireachtála, oibre, fóillíochta agus cuairte.
-----------------	---

Cuspóirí

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

Lonnaíocht agus Tithíocht

CUSP NA hOIBRE 1	Forfheidhmiú Chroístraitéis an Phlean Forbartha Contae a dheimhniú, de réir mar is féidir, trí chinntú nach sárófar an leithdháileadh teaghlaigh le haghaidh na hOibre mar atá leagtha amach i dTábla 2.11 den Chroístraitéis.
CUSP NA hOIBRE 2	Forbairt chónaithe ar thalamh tearcúsáidte agus/nó tailte neamhshealbhaithe a thacú agus a spreagadh, lena n-áirítear láithreáin 'inlíonta' agus 'athfhorbraíochta', agus é sin ag brath ar chaighdeán ard a bheith bainte amach ó thaobh dearaidh agus leagan amach de.

CUSP NA hOIBRE 3 Forbairt nua chónaithe a spreagadh taobh istigh de lár an tsráidbhaile a bheidh comhlántach agus comhcheangailte le lár an tsráidbhaile agus í nascadh, más féidir, le forbairt atá in aice láimhe chun ceantair fhorbartha atá tréscailteach a chruthú ar thailte cúil.

Geilleagar agus Fostaíocht

CUSP NA hOIBRE 4 Forbairt na seanlíne larnróid a chur chun cinn, rud a d'fhéadfadh a bheith ina thionscnamh turasóireachta glasbhealaigh agus a nascadh an Obair le bailte agus sráidbhailte eile taobh istigh den ghréasán sin.

Bonneagar

CUSP NA hOIBRE 5 Chun dul i gcomhairle le hUisce Éireann agus tacú leis chomh maith maidir le soláthar seirbhísí uisce atá leordhóthanach chun freastal ar riachtanais forbartha an tsráidbhaile le linn thréimhse an Phlean.

CUSP NA hOIBRE 6 Chun baol tuilte agus forbairt a bhainistiú i gcomhréir leis an Measúnacht Straitéiseach ar Phriacal Tuilte. (Imleabhar 5 Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Chuí agus Measúnacht Straitéiseach ar Phriacal Tuilte).

Gluaiseacht

CUSP NA hOIBRE 7 Tacú le forbairt sráideanna agus lánaí idirnasctha trí cheantair fhorbartha nua agus chuig siúlbealaí taitneamhachta nua sa sráidbhaile.

CUSP NA hOIBRE 8 Áiseanna le haghaidh coisithe agus rothaithe a fheabhsú trí limistéir pháirceála a chuíchóiriú agus limistéir choisithe agus bealaí rothair a sholáthar más cuí.

CUSP NA hOIBRE 9 Chun dul i gcomhairle le ÚNI chun stad bus agus scáthlán tiomnaithe a fháil in áit oiriúnach, rud a spreagfaidh tuilleadh daoine chun leas a bhaint as iompar poiblí.

An Oidhreacht Chultúrtha agus Náisiúnta

CUSP NA hOIBRE 10 Suíomh an Mhóta agus an Bhábhúin a chosaint ag an mbealach isteach don sráidbhaile chomh maith le hionad eaglasta ar shuíomh sheanséipéal Eoin Baiste (Eaglais na hÉireann) agus na tailte timpeall Dhroichead na hOibre, ionas nach ndéanfar forbairt mhíchuí orthu.

CUSP NA hOIBRE 11 Oibreacha caomhantais a thacú ar shuíomh shéipéal agus reilig Eoin Baiste (Eaglais na hÉireann).

CUSP NA hOIBRE 12 Rochtain a thacú, más cuí, ar láithreáin tábhachta seandálaíochta san Obair, le comhaontú roimh ré leis na húinéirí talún agus chun láithreáin shuimiúla ó thaobh seandálaíochta de a chomhcheangal más féidir agus más cuí le conairí siúil san Obair agus/nó le taispeántas léirmhíniúcháin ag Ionad Cultúir George Eogan (seanséipéal Eaglais na hÉireann Eoin Baiste).

CUSP NA hOIBRE 13	Forbairt Ghlasbhealach Dhún an Rí-na hUaimhe a chur chun cinn chomh maith le naisc ón seanstáisiún traenach chuig an sráidbhaile.
CUSP NA hOIBRE 14	Tacú le siúlbealaí líneacha a fhorbairt a nascfaidh taitneamhachtaí an tsráidbhaile le chéile.
CUSP NA hOIBRE 15	Chun na grúpaí crann suntasacha sa sráidbhaile a chosaint mar atá sonraithe sa léarscáil chríosaithe úsáid talún agus chun fála scean agus ballaí cloiche suntasach a chaomhnú más féidir trí hiad a cheangal isteach i scéimeanna forbartha sa sráidbhaile amach anseo.
CUSP NA hOIBRE 16	Na radhairc ar an taobh thiar den bhaile atá sonraithe ar an léarscáil chríosaithe a chosaint, chomh maith leis na radhairc i dtreo an Mhóta agus an Bhábhúin mar aon leis an suíomh ina bhfuil siad.

Sóisialta

CUSP NA hOIBRE 17	Tacú le saoráidí pobail a fhorbairt chomh maith le hathúsáid athchóirithe na struchtúr atá an faoi láthair le haghaidh úsáid phobail (más cuí) ar mhaithe leis na daoine atá ina gcónaí sa sráidbhaile nó sa cheantar máguaird.
-------------------	---

Dearadh Uirbeach agus an Ríocht Phoiblí

CUSP NA hOIBRE 18	Tacú le feabhas a chur ar na geatabhealaí isteach don sráidbhaile trí feabhsúchán a dhéanamh sa ríocht phoiblí a bhfuil brandáil / comharthaí le haghaidh an tsráidbhaile mar chuid de.
CUSP NA hOIBRE 19	Feabhsúcháin sa ríocht phoiblí a chur chun cinn ionas go mbeadh feabhas ar cháillíocht na timpeallachta ina bhfuil spás líneach an tsráidbhaile, lena n-áirítear cosáin bhreise agus feabhsaithe, soilsiú poiblí agus tírdhreachú agus bealaí rothar a chomhcheangal isteach más féidir.
CUSP NA hOIBRE 20	A chinntiú gur i gcás gach forbartha nua go dtabharfar aird ar scála, creat agus carachtar oidhreachta an tsráidbhaile.